II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1983 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Samhain 2021

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, De bharr an mhéid seo a leanas:

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide sa tSiria, agus i bhfiainise na n-athruithe i Rialtas na Siria le déanaí, ba cheart ceathrar a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012. Chomh maith leis sin, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le cúigear a liostaítear cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leanas:

(1) Cuirtear na daoine seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (“Daoine”):

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“312.	Amr SALEM (عمرو سالم)	Dáta Breithe: Eanáir 1958; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	An tAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta	15.11.2021
313.	Boutros AL-HALLAQ (بطرس الحلاق)	Áit bhreithe: Damascus countryside, Syria; Inscne: fireann	An tAire faisnéise. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta..	15.11.2021
314.	Mohammad SEIFEDDINE (ar a dtugtar freisin Seif Eddin, Seif El Din) (محمد سيف الدين)	Inscne: fireann	An tAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	15.11.2021
315.	Diala BARAKAT (ديالا بركات)	Dáta Breithe: 1980; Inscne: baineann	Aire Stáit. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	15.11.2021”

(2) I Roinn A (Daoine), in ionad na n-iontrálacha seo a leanas cuirtear an méid seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“167.	Dr. Jassem Mohammad ZAKARIA (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed, Jasem)	Dáta Breithe: 1968 Inscne: fireann;	IarAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta. Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
229.	Abdullah ABDULLAH (عبدالله عبدالله)	Dáta Breithe: 1956; Inscne: fireann	Aire Stáit. I mí Lúnasa 2021 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	14.11.2016
259.	Imad Abdullah SARA (عماد عبدالله صارة)	Dáta Breithe: 1968; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	IarAire Faisnéise. I mí Eanáir 2018 a ceapadh. Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	26.2.2018
296.	Talal AL-BARAZI (ar a dtugtar freisin Barazi) (طلال البرازي)	Dáta Breithe: 1963; Áit bhreithe: Hama city, Syria; Inscne: fireann	IarAire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. Ina cháil mar IarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	16.10.2020
309.	Malloul (a.k.a. Maloul) HUSSEIN (ar a dtugtar freisin AL-HUSSEIN) (ملول حسين)	Dáta Breithe: 1950; Áit bhreithe: Al-Hasakah Governorate, Syria; Inscne: fireann	IarAire Stáit. Ina cháil mar Iar-Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	6.11.2020”